City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2023



# Clár na nÁbhar

Réamhrá an Phríomh Fheidhmeannaigh ..... 1

Teachtaireacht an Chathaoirligh ..... 2

Ráiteas an Bhoird ..... 4

Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais ..... 11

Cúlra agus Eolas Staitistiúil ..... 14

Tuarascáil Fuinnimh ..... 16

Cairt Eagrúcháin ..... 22

Éachtaí ..... 24

*Scoil Náisiúnta Phobail, Scoileanna Ospidéil Pobail agus Iar-Bhunscoileanna* ..... *25*

*Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)* ..... *28*

*Seirbhísí don Aos Óg* ..... *33*

*SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn)* ..... *39*

*Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD)* ..... *43*



# Réamhrá an Phríomh Fheidhmeannaigh



## Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath Tuarascáil Bhliantúil 2023 a chur i láthair.

Ceann de na príomhthionscnaimh do BOO Bhaile Átha Cliath in 2023 ná ár dtionscadal athbhrandála, chomh maith le suíomh gréasáin nua do BOO Bhaile Átha Cliath a chruthú. Is é an cuspóir amharc-aithne nua agus glór a chruthú don eagraíocht a léiríonn an claochlú leanúnach agus an t-athrú straitéiseach atá ar siúl. Lenár bhféiniúlacht nua cuirfear muid chun tosaigh mar an ceannaire maidir le hoideachas, BO (Breisoideachas agus Oiliúint) agus seirbhísí don aos óg a sholáthar i gCathair Bhaile Átha Cliath trí chumarsáid shoiléir atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

Léiríodh an tiomantas sin don nuálaíocht nuair a chuaigh BOO Bhaile Átha Cliath leis na Seirbhísí Comhroinnte Párolla i mí an Mhárta 2023. Bliain shuntasach a bhí ann chomh maith mar gur bhain SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) Deimhniúchán Óir amach i nDeimhniúchán NSAI (Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann) um Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe.

Tosaíodh ar athbhrandáil ár soláthair BO mar Choláiste BO Bhaile Átha Cliath in 2023 chomh maith. An rud atá i gceist leis sin ná muid féin a shamhlú mar Sheirbhís Amháin a bhfuil Aistear an Fhoghlaimeora sa Lár aici. Fágann sé sin go mbrandálfaimid muid féin agus go gcuirfimid ar an margadh muid féin mar choláiste amháin a bhfuil 12 champas aige agus a sholáthraíonn ár gcúrsaí agus ár seirbhísí faoi 8 nDámh. Mar an soláthraí BO is mó sa tír, is treo soiléir é sin maidir le conas a chuirfimid muid féin san áit cheart chun na riachtanais foghlaimeoirí a chomhlíonadh sna blianta amach romhainn.

Lean ár scoileanna de bheith ag fás agus de bheith faoi bhláth in 2023, leis an bhfógra go raibh Scoil Éanna, Sráid na mBráithre Bána, Baile Átha Cliath 8, ag aistriú ó phátrúnacht Chaitliceach go pátrúnacht BOO Bhaile Átha Cliath mar Scoil Náisiúnta Phobail (SNP). Tráth tábhachtach a bhí ann do thuismitheoirí agus do pháistí in SNP na Cathrach Theas nua-ainmnithe agus is í an chéad bhunscoil a rinneadh SNP di in BOO Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh pátrún na scoile speisialta nuachruthaithe, An Cosán, de BOO Bhaile Átha Cliath, scoil atá beartaithe go n-osclófar í in 2024. Tá fonn orainn a chinntiú go bhfuilimid ag comhlíonadh na bhfíor-riachtanas foghlaimeoirí a bhfuil uathachas orthu agus riachtanais foghlama chasta acu. Mar an soláthraí stáit d'oideachas agus d'oiliúint tá a fhios againn go gcuirfidh na daoine óga agus a dtuismitheoirí fáilte roimh an scoil nua sin i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Ceann de na buaicphointí móra i mbliana ná nuair a chuaigh BOO Bhaile Átha Cliath i bpáirt le 15 Bhord Oideachais agus Oiliúna eile ar fud na tíre chun ceiliúradh a dhéanamh ar na 10 mbliana ó bunaíodh iad. Bhí áthas orainn a bheith in éineacht le tionscnamh #ETBDay chun béim a chur ar thionchar atá ag BOOnna ar ár bpobail áitiúla, tionchar atá bunathraitheach agus a fhágann lorg láidir ar shaol na ndaoine.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom béim a chur air go bhfuil tiomantas agus gairmiúlacht na mball foirne go léir atá ag obair in BOO Chathair Bhaile Átha Cliath mar bhuntaca leis na gaiscí sin go léir, agus muid ag obair le chéile, in éineacht le Bord ardtiomanta BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís is fearr is féidir á soláthar againn chun freastal ar riachtanais mhuintir chathair Bhaile Átha Cliath de réir mar atá siad ag teacht chun cinn.

**An Dr. Christy Duffy**
**Príomh Fheidhmeannach**

# Teachtaireacht an Chathaoirligh



**In 2023 lean BOO Bhaile Átha Cliath de bheith ag soláthar raon cuimsitheach de chláir oideachais agus oiliúna, seirbhísí agus tacaíochtaí do pháistí, daoine óga agus daoine fásta ar fud chathair Bhaile Átha Cliath chun feidhmeanna bunriachtanacha na heagraíochta a choimeád.**

Ba cheart na baill foirne agus foghlaimeoirí ar fad in BOO Bhaile Átha Cliath a mholadh agus aitheantas a thabhairt dóibh as a gcuid dianoibre agus dúthrachta ó cheann ceann na bliana.

Ghlac na baill foirne raon leathan agus éagsúil modhanna cumarsáide teicneolaíochta i gcónaí chun obair an teagaisc agus foghlama a chur chun tosaigh. Bhí comhoibriú thar a bheith láidir ar siúl maidir le teagasc agus foghlaim i ngach páirt de BOO. Thacaigh díograis na foirne riaracháin, TF, airgeadais agus cothabhála leis an bhfoghlaim. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an eagraíocht as a tiomantas agus an méid a baineadh amach in 2023.

Lean an eagraíocht an Ráiteas Straitéise 2023-2025 a chur chun feidhme a thuilleadh. Bhain mé an-taitneamh as a bheith ag obair go dlúth leis an bPríomh-Fheidhmeannach, leis an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta agus le comhghleacaithe liom ar an mBord chun a chinntiú go leantar lena chur chun feidhme.

Ar deireadh, leanadh le hobair bhunriachtanach Bhord agus choistí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le linn 2023. Mar Chathaoirleach an Bhoird, ba mhaith liom an Bord a mholadh agus buíochas a ghabháil leis an mBord a d'oibrigh go han-dian chun an eagraíocht a threorú. Táimid go léir ag tnúth go mór le bheith ag obair le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2024.

**An Comhairleoir Keith Connolly**
**Cathaoirleach**




# 01.

# Ráiteas an Bhoird

# Ráiteas an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Cloíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath leis an gCód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath prionsabail an dea-rialachais agus an dea-bhainistithe i bhfeidhm.

## Feidhmeanna Bhord an BOO

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Deimhníonn an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar staid chúrsaí an Bhoird.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord an méid seo a leanas a dhéanamh:

**(a)** Na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

**(b)** Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.

**(c)** Imeachtaí ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú.

Le linn 2023, d'fhaomh an Bord na doiciméid seo a leanas:

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil.
- Ráitis Airgeadais.
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse.
- Freastal údaraithe comhaltaí ar chomhdhálacha.
- Ceadaíodh fáil, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí.

## Comhaltas an Bhoird (Nollaig 2023)

### Ionadaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

- An Comhairleoir Keith Connolly (Cathaoirleach)
- An Comhairleoir Vincent Jackson (Leaschathaoirleach)
- An Comhairleoir Danny Byrne
- An Comhairleoir Mary Callaghan
- An Comhairleoir Caroline Conroy
- An Comhairleoir Donna Cooney *(ra tháinig in áit an Clr. Claire O'Connor)*
- An Comhairleoir Dermot Lacey
- An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha
- An Comhairleoir Declan Meenagh
- An Comhairleoir Sophie Nicoullaud
- An Comhairleoir Cat O'Driscoll *(a tháinig in áit an Clr. Joe Costello)*
- An Comhairleoir Catherine Stocker

### Ionadaithe Foirne

- An tUas. Audrey Cepeda
- An tUas. Gerald Cunningham *(a tháinig in áit an Uas Noel McDonagh)*

### Ionadaithe Tuismitheoirí

- Diane Cronin
- An Dr. Bryan MacDonald

### Ionadaithe ceaptha faoi Alt 30(d) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna

| | |
|---|---|
| Michael Blanchfield | ainmnithe ag ACCS/JMB/NAPD |
| John Carr | ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann |
| An Dr. Bairbre Fleming *(a tháinig in áit an Uas Joanna Siewierska)* | ainmnithe ag AONTAS |
| An Dr. Noel O'Connor | ainmnithe ag an gCumann Ardoideachais Teicneolaíochta |
| An Dr. Shira Mehlman | ainmnithe ag Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann |

## Cruinnithe Boird

Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos.

| Tinreamh Chomhaltaí an Bhoird 2023 | Ean 19/01/2023 | Fea 16/02/2023 | Már 23/03/2023 | Már 30/03/2023 | Bea 18/05/2023 | Mei 15/06/2023 | Meá 21/09/2023 | Dei 19/10/2023 | Sam 16/11/2023 | Freastal Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comhairleoir Keith Connolly *(Cathaoirleach)* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Comhairleoir Vincent Jackson *(Leas-Chathaoirleach)* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Comhairleoir Danny Byrne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| An Comhairleoir Mary Callaghan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | X | ✓ | X | 6/9 |
| An Comhairleoir Caroline Conroy | ✓ | X | ✓ | X | ✓ | X | ✓ | ✓ | X | 5/9 |
| An Comhairleoir Donna Cooney | Ceapadh í i mí Dheireadh Fómhair 2023 | | | | | | | ✓ | X | 1/2 |
| An Comhairleoir Joe Costello | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | D'éirigh sé as i mí Mheán Fómhair 2023 | | | 5/6 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Comhairleoir John Lyons | ✓ | D'éirigh sé as i mí Feabhra 2023 | | | | | | | | 1/1 |
| An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha | ✓ | X | X | X | ✓ | X | X | ✓ | X | 3/9 |
| An Comhairleoir Declan Meenagh | ✓ | ✓ | ✓ | X | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7/9 |
| An Comhairleoir Sophie Nicoullaud | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | X | 7/9 |
| An Comhairleoir Claire O'Connor | Ceapadh í i mí Aibreáin 2023 | | | | ✓ | ✓ | D'éirigh sí as i mí Mheán Fómhair 2023 | | | 2/2 |
| An Comhairleoir Cat O'Driscoll | Ceapadh í i mí Mheán Fómhair 2023 | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An Comhairleoir Karl Stanley | Ceapachán Sealadach i mí Feabhra 2023 | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Ceapachán Sealadach a chríochnaigh i mí Lúnasa 2023 | | | 4/4 |
| An Comhairleoir Catherine Stocker | ✓ | Tasláithreacht Shealadach ó mhí Feabhra go mí Lúnasa 2023 | | | | | X | ✓ | ✓ | 3/4 |
| Audrey Cepeda | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An tUas. Gerald Cunningham | Ceapadh é i mí Deireadh Fómhair 2023 | | | | | | | ✓ | ✓ | 2/2 |
| An tUas. Noel McDonagh | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | D'éirigh sé as i mí Dheireadh Fómhair 2023 | | 6/7 |
| Diane Cronin | X | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7/9 |
| An Dr Bryan MacDonald | ✓ | X | ✓ | X | ✓ | ✓ | X | X | X | 4/9 |
| Michael Blanchfield | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/9 |
| John Carr | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Dr Bairbre Fleming | Ceapadh í i mí Mheán Fómhair 2023 | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An Dr Noel O'Connor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 9/9 |
| An Dr Shira Mehlman | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | X | 7/9 |
| An tUas. Joanna Siewierska | X | X | X | X | X | X | D'éirigh sí as i mí Iúil 2023 | | | 0/6 |

## Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos.

| Tinreamh an Choiste Airgeadais 2023 | Ball Inmheánach/ Seachtrach | 09/02/2023 | 28/03/2023 | 04/07/2023 | 27/11/2023 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *An tUas. Seán Paul Mahon (Cathaoirleach)* | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Keith Connolly | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An tUasal Michael Donnelly | Seachtrach | ✓ | X | ✓ | ✓ | 3/4 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Declan Meenagh | Inmheánach | D'éirigh sé as i mí Feabhra 2023 | | | | n/b |

## Cruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le chéile sé huaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos.

| Tinreamh Chomhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca in 2023 | Ball Inmheánach/ Seachtrach | 09/02/2023 | 21/03/2023 | 25/05/2023 | 17/08/2023 | 14/09/2023 | 26/10/2023 | Total Attendance |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUas. Cathal Kearney *(Cathaoirleach)* | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6/6 |
| An tUas. Mary Armstrong | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 5/6 |
| An tUas. Michael Blanchfield | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6/6 |
| An tUas. Patrick Hopkins | Seachtrach | ✓ | X | X | ✓ | ✓ | ✓ | 4/6 |
| An tUas. Seán McKeon | Seachtrach | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/6 |
| An Dr Shira Mehlman | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6/6 |
| An Dr Noel O'Connor | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6/6 |

## Bainistíocht Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn an Bord go ndearnadh measúnú ar na príomhrioscaí agus ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2023. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca cúnamh don Bhord maidir leis an bhfeidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar a thuarascálacha, chomh maith le hiniúchadh bliantúil AC&C (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus aon Iniúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh CSTE agus/nó Iniúchadh ar Ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Tá obair le Comhlachtaí Poiblí na hÉireann agus comhghleacaithe earnála ar bun ag BOO Bhaile Átha Cliath chun próiseas láidir bainistíochta riosca a chur chun feidhme agus bainistíocht riosca a leabú i ngach cuid dár n-oibriúcháin. Tá Clár Rioscaí Corparáideach mionsonraithe i bhfeidhm arna fhorlíonadh ag 4 Chlár Rioscaí Stiúrthóireachta agus arna choimeád go háitiúil ag Cláir Lárnacha. Déantar athbhreithniú orthu siúd ar bhonn ráithiúil agus tá acmhainn ann chun rioscaí suntasacha a fhormhéadú suas chomh maith le tiomantas chun rioscaí a mhaolú ag gach céim den phróiseas. Tugtar an t-eolas is déanaí agus tuarascálacha don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus do BOO Bhaile Átha Cliath go rialta. Pléitear Bainistiú Riosca ag gach cruinniú den Bhord agus cuimsítear na nithe seo a leanas sa phlé sin: tuarascálacha rioscaí ón lucht ardbhainistíochta; tuarascálacha ón Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca; athruithe ar rátálacha rioscaí agus ar an gClár Iniúchóireachta.

Tá ailíniú idir bainistíocht riosca agus próisis chomhlíonta agus tá na moltaí iniúchóireachta á rianú agus á gcur chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhleanúnach ann atá bunaithe ar fheabhsú leanúnach agus ar chur chun feidhme iomlán an Chóid Cleachtais chun BOOnna a Rialú.

Tá mionsonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh sa Chóras Rialaithe Inmheánaigh mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a gheofar iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

## Córas rialuithe inmheánacha

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, tar éis a bheith curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a gheofar iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

## Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

## Cánachas

The Board confirms that the ETB has complied with its obligations under tax law.

## Tuarascáil ar fheidhmíocht na ndualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

Neartaíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, a achtaíodh i mí na Nollag 2021, Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá sraith forálacha nua ann atá dírithe ar chearta teanga na gcainteoirí Gaeilge a neartú.

Is iad na príomhréimsí a chlúdaítear ná Foirmeacha Oifigiúla, Lógónna, Fógraíocht, na Meáin Shóisialta, Inniúlacht Teanga Foirne agus aitheantas d'Ainmneacha, Seoltaí, agus Teidil agus oibriú chun 20% den fhoireann a bheith ann a mbeidh Gaeilge ar a dtoil acu faoi 2030.

D'oibrigh BOO Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le cuideachta sheachtrach chun tacú le comhlíonadh ár ndualgas a bhaineann le fógraíocht/próisis earcaíochta.

Déanann foireann Seirbhíse Corparáidí monatóireacht ar dul chun cinn ag an gCeannoifig agus ar fud ár nIonad maidir le comharthaíocht, stáiseanóireacht, cumarsáid agus foirmeacha. Tá Príomhdhoiciméid Phoiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon ar ár suíomh gréasáin, agus táimid ag forbairt straitéise chun dul chun cinn a rianú maidir le dualgais fós le réiteach agus chun Gaeilge a chur chun cinn trí oiliúint foirne agus imeachtaí amhail Seachtain na Gaeilge.

Is é ár nduine teagmhála ainmnithe ná Brendan Gribbon brendan.gribbon@cdetb.ie

## Ráitis Airgeadais 2023

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (AC&C) nuair a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2023. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don AC&C iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Sonraí faoi tháillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird a ndearnadh anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí.
- Sonraí comhiomlána cúitimh an lucht ardbhainistíochta arna anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán:
  - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe.
  - Sochair iarfhostaíochta.
  - Sochair fhoirceanta.
- Príomhchúiteamh bainistíochta más ann dó.
- Mionsonraí faoi líon na bhfostaithe ar thit a sochair iomlána fostaithe (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 suas agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.



# 02.

# Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais

# Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais

## Misean

Is é misean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ná seirbhísí gairmiúla oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine i gcathair Bhaile Átha Cliath a chuireann le forbairt phearsanta an duine aonair chomh maith le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha fhoriomlán na cathrach – ag cabhrú leat Foghlaim, ag cabhrú leat Fás, ag cabhrú leat Forbairt.

## Fís

Is í an fhís atá againn ná:

- Bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar sholáthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Oideachas agus Oiliúint atá ionchuimsitheach, proifisiúnta agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil go gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le soláthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath, gá atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn.
- Cláir a sholáthar ina gcuirtear cáilíochtaí oiriúnacha agus bealaí chun cinn i dtreo ardchúrsaí oideachais, clár oiliúna agus fostaíochta.
- Seirbhís chuimsitheach don Óige a fhorbairt i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Údarás náisiúnta cáiliúcháin um dheontais do scoláirí atá éifeachtach, faoi bhainistíocht agus go hiomlán cuntasach, a chur ar fáil.

## Creideamh

Is é an bunchreideamh atá againn go bhfuil sé de cheart ag gach duine rochtain a bheith aige nó aici ar dheiseanna Oideachais agus Oiliúna, a chabhróidh leis nó léi barr a chumais nó a cumais a bhaint amach. Chun tacú le gach duine barr a chumais nó a cumais a bhaint amach, ní mór dúinn na tréithe seo a leanas a léiriú mar sholáthraí seirbhíse:

### Ionchuimsitheach

Glacaimid le gach foghlaimeoir atá in ann leas a bhaint as na cúrsaí a chuirimid ar fáil agus atá laistigh de scóip reachtaíochta ár seirbhísí.

### Measúil

Tá meas againn ar an gceart um chóir chomhionann do gach duine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí agus meas á léiriú againn ar chearta an duine aonair, lena n-áirítear meas ar an duine agus ar a cheart nó a ceart chun príobháideachta.

### Freagrúil

Táimid freagrúil do riachtanais na ndaoine agus na sochaí atá ag athrú, go háirithe riachtanais na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus/nó dífhostaithe.

### Enabling

Cuirimid deiseanna ar fáil chun daoine a chumasú lena n-acmhainn Oideachais agus Oiliúna a bhaint amach.

## Gealltanais

Geallann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath:

- Barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn sa teagasc agus san oiliúint, agus torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn san fhoghlaim.
- Timpeallacht oibre atá dearfach, sofhreagrúil agus cumasaithe a chur ar fáil.
- Forbairt foirne a spreagadh.
- Éachtaí ag gach leibhéal a aithint.
- Barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn inár seirbhísí tacaíochta oideachais agus oiliúna agus inár riarachán.
- Barr feabhais proifisiúnta agus torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn i seirbhísí oibre don ógra.
- Oideachas agus oiliúint a chur ar fáil agus tacú le seirbhísí don ógra atá ionchuimsitheach, il-sainchreidmheach, agus faoi cheangal ag caidreamh cuí ó thaobh cúraim agus measa de.
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais an fhoghlaimeora de réir mar a thagann riachtanais eacnamaíochta, shochaíocha agus fostaíochta chun cinn.
- Aghaidh a thabhairt ar éilimh eacnamaíochta agus shochaíocha.
- Glacadh le hindibhidiúlacht, le héagsúlacht agus le huileghabhálacht.
- Tacú le freagrachtaí sibhialta, sóisialta, pobail agus domhanda.
- Tacú le rannpháirtíocht mac léinn, ball foirne, tuismitheoirí agus an phobail in oideachas, oiliúint agus seirbhísí don aos óg de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Barr feabhais proifisiúnta a chur chun cinn maidir le deontais do mhic léinn a phróiseáil agus a sholáthar trí Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).



# 03.

# Cúlra agus Eolas Staitistiúil

# Cúlra agus Eolas Staitistiúil

Bunaíodh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is sinne an t-údarás stáit um oideachas agus oiliúint do chathair Bhaile Átha Cliath le breis agus 3,000 ball foirne agus 47,000 foghlaimeoir (lánaimseartha agus páirtaimseartha). Tá 26 scoil agus coláiste á reáchtáil againn, lena n-áirítear Scoil Náisiúnta Phobail amháin, dhá Scoil Ospidéil Phobail, 11 Iar-Bhunscoil agus 12 Choláiste Breisoideachais.

Chomh maith leis sin, bainistíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath dhá Ionad Oiliúna, naoi nIonad Ógtheagmhála agus Seirbhís Oideachais Aosaigh, atá ag feidhmiú i gcúig cheantar ar leith ar fud na cathrach. Cuirimid seirbhís oideachais ar fáil i seacht bPríosún agus maoinímid réimse leathan Ionad Oiliúna Pobail agus Tionscnamh Oiliúna Áitiúil. Is é BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an soláthraí is mó dámhachtainí DCCÉ i mBreisoideachas agus Oiliúint (BO) in Éirinn.

Táimid freagrach freisin as SUSI, an t-údarás náisiúnta dámhachtana do dheontais mac léinn in Éirinn. Tacaíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú Seirbhísí Óige i gcathair Bhaile Átha Cliath agus is é an príomhchomhpháirtí i Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath.

| Scoileanna | | |
|---|---|---|
| **Scoil** | **Líon na nÁiteanna** | **Líon na Mac Léinn Lánaimseartha Bliain Acadúil 2022/2023** |
| Scoileanna Náisiúnta Pobail | 1 | 171 |
| Scoileanna Ospidéal Pobail | 2 | 100 (ar an meán) |
| Iar-bhunscoileanna | 11 | 3,665 |

| Breisoideachas agus Oiliúint (BOO) | |
|---|---|
| **Soláthar BOO na Bliana Acadúla** | **Líon na Mac Léinn Lánaimseartha Bliain Acadúil 2022/2023** |
| Iar-Ardteistiméireacht (PLC) | 6,634 |
| **Soláthar BOO na Bliana Féilire** | **Bliain Féilire 2023** |
| Printíseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna | 2,874 |
| Seirbhís Oideachais do Phríosúin | 12,680 |
| Clár Ógtheagmhála | 984 |
| Oideachas Aosach, Pobail agus Eile | 28,053 |



# 04.

# Tuarascáil Fuinnimh


# Tuarascáil Fuinnimh

Ceanglaítear le hIonstraim Reachtúil 542/2009 ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh.

## Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh 2022

Seo thíos sliocht as bunachar sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) a léiríonn dul chun cinn foriomlán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ónár mbliain bhonnlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh (2009) go dtí an bhliain 2022. (beidh sonraí don bhliain 2023 ar fáil níos déanaí in 2024)

### Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh-EnPI-(kWh/m2)




Tá ár ndul chun cinn maidir le EnPI (kWh/m$^2$) ón mbliain bhonnlíne léirithe mar líne ghorm sa ghraf thuas. Léiríonn an t-ardú do na blianta 2021/2022 an t-athbhorradh a rabhthas ag súil leis ón gcur isteach arbh í paindéim COVID an chúis leis.


Mar sin féin, tá an treolíne fhoriomlán (atá léirithe mar dhaiseanna oráiste) comhsheasmhach fós agus léiríonn sí, don bhliain 2022, feabhas foriomlán ar éifeachtúlacht fuinnimh de 16.3% ó bhonnlíne 2009.

Tá laghdú Sprice Éifeachtúlachta Fuinnimh BOO Bhaile Átha Cliath le haghaidh 2030 léirithe os cionn na líne deirge, agus léirítear leis an bhearna idir an sprioc sin agus an treolíne reatha gur gá le níos mó oibre chun an cúrsa reatha a ailíniú leis an sprioc laghdaithe.

# Próifíl Ídithe Fuinnimh

**Riachtanas Iomlán an Fuinnimh Phríomha (TPER) (Foirgnimh) - 2022 = 25,591,534 kWh**

***Ídiú Fuinnimh ón mBONNLÍNE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH (2009) (RIFP) (Foirgnimh)***





Ba é 25,591,354 kWh Riachtanas Iomlán an Fhuinnimh Phríomha (kWh) (RIFP) d'Fhoirgnimh de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2021 i gcomparáid le 30,541,989 kWh sa bhliain bhonnlíne, 2009. (atá léirithe ar an ngraf thuas). Tá an t-athbhorradh a rabhthas ag súil leis ón gcur isteach arbh í paindéim COVID an chúis leis le feiceáil go soiléir. Is ionann RIFP don bhliain 2022 agus méadú timpeall 7.6% ar cheanglas 2021 cé go bhfuil an laghdú 16.2% ó thús an bhunachair sonraí M&T in 2009 ar aon líne leis an treolíne stairiúil go ginearálta.

## Próifíl Ídithe Fuinnimh (Lena n-áirítear Breoslaí Iompair)

An rud atá curtha as an áireamh sna figiúirí thuas ná ceanglas Fuinnimh de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ó Bhreoslaí Iompair a tuairiscíodh, mar a cheanglaítear, don bhunachar sonraí M&T den chéad uair in 2022.

### Riachtanas Iomlán an Fuinnimh Phríomha (RIFP) (Foirgnimh) - 2022 = 25,748,823 kWh




*1,966,694 kWh níos mó ná 2021*

*4,793,166 kWh níos lú ná na bliana bonnlína éifeachtúlachta fuinnimh (2009)*

Agus Breoslaí Iompair á gcur san áireamh, ba é 25,748,823 kWh Riachtanas Iomlán an Fhuinnimh Phríomha (RIFP) de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomparáid le 30,541,981 kWh sa bhliain 2009. Léirítear sa ghraf thuas an gar-mhiondealú de réir céatadáin agus leagtar amach na figiúirí ina n-iomláine sa tábla thíos.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Iontaisí | Gás | 11,672,853 | kWh | 45.33% |
| | Olaí Téite | 1,189,654 | kWh | 4.62% |
| Leictreachas | | 12,728,847 | kWh | 49.43% |
| Breoslaí Iompair | | 157,469 | kWh | 0.61% |
| **Iomlána** | | **25,748,823** | **kWh** | **100.00%** |

Cé go bhfuil sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar gach gné d'úsáid fhuinneamh, léiritear leis an gcuimsiú Breoslaí Iompar sa mheascán thuas go mbaineann na dúshláin maidir lenár spriocanna um ghníomhiú aeraide lenár n-eastát tógtha reatha.

# Próifíl Astaíochtaí Carbóin (ó Fhoirgnimh) kg$CO_2$ 2009 - 2022

**Próifíl Astaíochtaí Carbóin (ó Fhoirgnimh) kg$Co_2$ (2009 - 2022)**

**kg$Co_2$ (ó Fhoirgnimh)**




Tá ár bPróifíl Astaíochtaí Carbóin (ó Fhoirgnimh) do na blianta 2009 go 2022 le feiceáil thuas. Tá an t-athbhorradh agus an ceartú a bhaineann le COVID le feiceáil go soiléir arís cé go bhfuil an treolíne comhsheasmhach fós.

Ó 2009 go 2022 bhí laghdú timpeall 34% tagtha ar astaíochtaí $CO_2$ ó fhuinneamh sheachadta chuig ár bhfoirgnimh.

Tá díchúpláil ár laghduithe astaíochtaí ón treocht ghinearálta maidir lenár laghdú ar ídiú fuinnimh mar thoradh go príomha ar an dul chun cinn a rinneadh go seachtrach trí dhícharbónú leanúnach na heangaí soláthair fuinnimh.

## Gnóthachain Éifeachtúlachta go dtí seo, as seo amach & Astaíochtaí $CO_2$

Baineadh amach gnóthachain Éifeachtúlachta Fuinnimh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí seo trí bhainistíocht struchtúrtha fuinnimh, uasghrádaithe foirgneamh agus saoráidí, soláthar fuinnimh níos fearr, agus athrú iompraíochta ar fud na heagraíochta. Agus na laghduithe ar astaíocht $CO_2$ á mbaint amach trí chur chun feidhme na mbeart sin, cuireadh leo tríd an dul chun cinn a rinneadh go seachtrach trí dhícharbónú leanúnach na heangaí soláthair fuinnimh.

Ar an mbealach céanna, ghlac BOO Bhaile Átha Cliath páirt ghníomhach, agus glacfaidh sé páirt ghníomhach, i roinnt Tionscadal infheistíochta caipitil níos mó, a chuir san áireamh agus a chuirfidh san áireamh an méid seo a leanas:

- Tógadh 2 shíneadh suntasacha ar scoileanna modúlacha a bhfuil rátáil A acu i gColáiste Pobail Chluain Torc sa Halla Bán le déanaí agus seachadadh agus osclaíodh an ceann is déanaí i mí Mheán Fómhair 2023.
- Beidh infheistíocht chaipitil shuntasach le haghaidh oibreacha tógála agus athruithe coimhdeacha ar siúl ag Coláiste Bhreisoideachais Inse Chór, arna maoiniú tríd an gCiste um Uasghrádú ar Bhonneagar Straitéiseach (CUBS) de chuid na Roinne. Tá Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh mar mhórghné d'achoimre an tionscadail.
- Beidh infheistíocht Chaipitil shuntasach le haghaidh oibreacha tógála agus athruithe coimhdeacha ar siúl ag Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid (Bloc Ealaíon), arna maoiniú chomh maith tríd an gCiste um Uasghrádú ar Bhonneagar Straitéiseach (CUBS) de chuid na Roinne, agus beidh Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh mar mhórghné d'achoimre an tionscadail chomh maith.
- Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag obair le SOLAS / RBATNE (An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta) chun aighneacht Cáis Gnó a chur i gcrích maidir le Coláiste BO an Todhchaí a fhorbairt, an "Campas Chathail Brugha". Áireofar leis sin, mar chéad chéim, infheistíocht shuntasach chun an foirgneamh de chuid iar-Choláiste na Lónadóireachta ar Shráid Chathail Brugha a uasghrádú agus a aisfheistiú (struchtúr atá faoi chosaint). Beidh Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh mar mhórghné d'Achoimre an Tionscadail arís.
- Tá páirt ghníomhach glactha ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le ÚFIÉ tríd an gclár "Ceannródaí" d'fhonn infheistíochtaí suntasacha a fháil le haghaidh móroibreacha Uasghrádaithe Fuinnimh ar roinnt dár bhfoirgnimh. Tá an próiseas sin ar siúl agus táthar ag súil le cinntí ar mhaoiniú le linn 2024.
- Tá Réamhchás Gnó á fhorbairt ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chun maoiniú a fháil chun "Ionad Bairr Feabhais ar Foirgneamh Neodrach ó Thaobh Fuinnimh é a bhunú ag Ionad Oiliúna Bhaile Formaid.
- Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag plé le "Grianchlár Fótavoltach" (GF) de chuid na Roinne Oideachais agus táthar ag súil le córais GF a shuiteáil ar na díonta de chuid dár scoileanna le linn Shamhraidh 2024.


De bharr na ngníomhaíochtaí sin, chomh maith lenár rannpháirtíocht leanúnach le ÚFIÉ agus ar fud ár n-eagraíochta, tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath suite go maith chun an dul chun cinn atá bainte amach go dtí seo a chomhdhlúthú agus tuiscint a fháil ar an athrú is gá chun dul i ngleic leis na dúshláin níos déine atá romhainn agus muid ag bogadh i dtreo 2030.



# 05. Cairt Eagrúcháin

# Cairt Eagrúcháin

City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board





# 06.

# Éachtaí

# Éachtaí

Tá ár spriocanna straitéiseacha leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2021 – 2025 (Féach Anseo).

Féach Anseo

Tá siad bunaithe ar cheithre cholún:

**1.**

### Próifíl

Ina gcuirfear féiniúlacht, fís na heagraíochta agus cumarsáid san áireamh.

**2.**

### Daoine

Ina gcuirfear cultúr na heagraíochta, an fhoireann, foghlaimeoirí, guth na foirne agus na mac léinn agus forbairt foirne san áireamh.

**3.**

### Oideolaíocht

Ina gcuirfear aindreolaíocht, teagasc, foghlaim, measúnú agus tacaíochtaí mac léinn san áireamh.

**4.**

### Próisis

Ina gcuirfear córais riaracháin, eagrúcháin agus tacaíochta, dearbhú cáilíochta agus rialachas san áireamh.

Tá spriocanna straitéiseacha na gceithre cholún nasctha le cuspóirí agus spriocanna atá inár bPlean Seirbhíse bliantúil.

Féach Anseo

Léirítear sa chuid seo na spriocanna straitéiseacha agus na héachtaí suntasacha gaolmhara ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2023.

## Scoil Náisiúnta Phobail, Scoileanna Ospidéil Pobail agus Iar-Bhunscoileanna

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cumarsáid timpeall Chathair Bhaile Átha Cliath a neartú chun feasacht a fhás maidir leis an raon inár soláthar oideachais, agus chun a chinntiú go n-éiríonn an athbhrandáil fréamhaithe sna scoileanna. | Tá gach scoil gníomhach ar na meáin shóisialta (seachas scoil ospidéil amháin). D'úsáideamar @cityofdublinetb ar gach postáil scoile agus d'éirigh go mór linn úsáid a bhaint as an haischlib #ETBIDay. |
| Rannpháirtíocht agus próifíl scoileanna agus scoileanna dara leibhéal de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt le BOOÉ (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann) agus go náisiúnta. | Lean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag plé le coistí BOOÉ chun a chinntiú gur chualathas guth Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinne an Stiúrthóir Scoileanna ionadaíocht do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar thrí choiste de chuid BOOÉ: Scoil Samhraidh na gCeannairí Láir, Líonra Múinteoirí Curaclaim an Phátrúin agus an Coiste um Chlár Críochnaithe Scoile. |
| Obair ar Éiteas a leabú tuilleadh, laistigh dár scoileanna, le tacaíocht ó BOOÉ.<br><br>Obair ár gComhordaitheora Éitis agus Ceannasaithe Éitis a chur chun cinn tuilleadh chomh maith. | Bhí ról gníomhach ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i mbunú ár gCreat Pátrúin, faoina bhfuil gach scoil ar an eolas anois.<br><br>Bhí cruinniú an-rathúil le gach ceannaire scoile maidir le héiteas, a d'éascaigh Comhordaitheoir Éitis BOOÉ agus Comhordaitheoir Éitis Chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Bhí cruinnithe ráithiúla ar siúl le Foireann Éitis Chathair Bhaile Átha Cliath le linn na bliana.<br><br>Tá Ceannmhúinteoir Éitis agus Coiste Éitis i bhfeidhm ag gach scoil dara leibhéal. Bhí an chéad chruinniú do Cheannmhúinteoirí Éitis i mí Dheireadh Fómhair. |
| Ról gníomhach a bheith ann i ngníomhachtú Ghearrchúrsa an Phátrúin. | Tá dhá scoil i mbun an chláir phíolótaigh ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath anois. |
| Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag eagrú deiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (FFG) atá fiúntach agus freagrúil. | Ceapadh Oifigeach Forbartha um Theagasc agus Foghlaim i mí Mheán Fómhair agus forbróidh sé an fócas ar riachtanais FFG ar an leibhéal iar-bhunscoile agus ar an leibhéal bunscoile. |
| Deiseanna do Ghuth an Mhic Léinn a leabú agus a leathnú inár scoileanna agus laistigh de BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. | Tá Comhairle Mac Léinn ghníomhach i bhfeidhm ag gach scoil anois agus tá Fóram Bliantúil beartaithe don bhliain 2024. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Leanúint le cultúr nuálaíochta, cruthaitheachta agus comhoibrithe a chothú. | Ceapadh Oifigeach Forbartha um Theagasc agus Foghlaim i mí Mheán Fómhair.<br><br>Leanann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag tacú le raon PLNanna (gréasán gairmiúil foghlama), arna n-éascú go príomha ag ár seirbhísí síceolaíochta. Tacaíonn PLN leo siúd a reáchtálann ranganna speisialta agus bhí an chéad chruinniú i mí na Samhna. |
| An Ghaeilge a chur chun cinn inár scoileanna, agus ní hamháin mar ábhar, ach mar theanga bheo. | Bhí scoileanna BOO Chathair Bhaile Átha Cliath go léir rannpháirteach go gníomhach i Seachtain na Gaeilge agus d'úsáid roinnt díobh na meáin shóisialta chun na gníomhaíochtaí a chur chun cinn. |
| Iniúchadh comhpháirtithe idirnáisiúnta a spreagadh chun foghlaim agus teagasc a chur chun cinn. | Baineann cuid den sprioc sin lenár scoileanna a nascadh lenár nDeasc Idirnáisiúnta, chun na deiseanna atá ar fáil dúinn a fhiosrú. Chuir scoil amháin iarratas isteach chun páirt a ghlacadh sa deis sin i mbliana. |
| Cinntiú go bhfuil ár bpróisis agus ár gcórais tacaíochta do mhic léinn éifeachtach agus go bhfuil tionchar acu. | Tá láithreacht ghníomhach ag na Seirbhísí Síceolaíochta i ngach scoil faoi mhúnla Cách, Roinnt, Líon Beag.<br><br>Déanfar athbhreithniú ar an soláthar ar bhonn thorthaí na suirbhéanna a rinneadh le déanaí chun a chinntiú go gcuirfear an taighde i bhfeidhm go daingean i gcleachtas. Tá an Plean Straitéiseach críochnaithe anois agus tá sé le foilsiú. |
| Leanúint ár soláthar seirbhísí oideachais a leathnú chomh maith leis an líon foghlaimeoirí a úsáideann na seirbhísí sin chun níos mó pátrúnachta agus deiseanna athchumraíochta a fhiosrú go háirithe ar an leibhéal bunscoile. Agus a bheith páirteach i ngearrchúrsa nua curaclaim an Phátrúin atá againn a phíolótú i gceann dár scoileanna. | D'aistrigh Scoil Éanna, Sráid na mBráithre Bána, Baile Átha Cliath 8, ó phátrúnacht Chaitliceach go pátrúnacht BOO Bhaile Átha Cliath mar Scoil Náisiúnta Phobail (SNP). Bhí an t-aistriú pátrúnachta críochnaithe i Ráithe 2. In 2022, lean sé sin próiseas rannpháirtíochta leis an Ardeaspag, Ord na gCairmilíteach agus an tÉascaitheoir Neamhspleách a cheap an Roinn Oideachais.<br><br>Is é Coláiste Pobail Chluain Torc an scoil phíolótach do ghearrchúrsa nua an phátrúin, a thosaigh i Ráithe 3. |
| Sprioc na foghlama agus an teagaisc ar ardchaighdeán a bhaint amach ar fud ár scoileanna; cinntiú go bhfuil Coiste Teagaisc & Foghlama i ngach scoil agus go ndéantar athbhreithniú ar chlár ionduchtaithe na múinteoirí. | Tá ár nOifigeach Forbartha nua tar éis tosú ag obair le scoileanna agus obair dá gCoistí Teagaisc & Foghlama a dhearbhú.<br><br>Rinneadh athbhreithniú ar Chlár Ionduchtaithe na Múinteoirí in 2023 agus cuireadh tús le clár nua. Táimid sa phróiseas cheana maidir le tuilleadh athbhreithnithe agus pleanála don bhliain amach romhainn. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cinntiú go gcoinnítear timpeallachtaí foghlama ar ardchaighdeán. | Tá cruinnithe rialta le Stiúrthóir SFO chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais de chuid áitribh scoile agus bonneagair agus go gcuirtear tionscadail reatha chun tosaigh.<br>In 2023, cruthaíodh ranganna speisialta nua i gColáiste Pobail na Cúlóige agus i gColáiste na Rinne. Osclófar scoil speisialta nua chomh maith |
| Leanúint de chórais nua-aimseartha digitithe a fhorbairt, a chuireann tacaíochtaí éifeachtúla ar fáil dár scoileanna, dár gcoláistí agus dár n-ionaid. | In 2023, cuíchóiríodh an córas earcaíochta – críochnaítear earcaíocht múinteoirí agus Cúntóir Riachtanas Speisialta ar fad trí www.etbvacancies.ie agus is próiseas gan pháipéar é. |
| Leanúint de chleachtais éifeachtacha agus nuálacha a aithint, a fhorbairt agus tacú leo. | Chun a bheith freagrúil do na riachtanais atá ag teacht chun cinn sna scoileanna, tá rochtain ag na scoileanna ar dheiseanna nua FFG agus oiliúna anois chomh maith le cláir phíolótacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá suirbhé riachtanas á forbairt faoi láthair.<br>Chun a chinntiú go bhfuil Creat an Phátrúin leabaithe inár scoileanna in 2023, freastalaíonn gach scoil ar chruinnithe/oiliúint agus athrú ar theanga agus ar roinnt cleachtas. |
| Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe. | Chun a chinntiú go bhfuil raon leathan ábhar agus clár ar fáil chun riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí a chomhlíonadh, cuireann 8 scoil BOO Chathair Bhaile Átha Cliath cláir don tSraith Shóisearach, an tSraith Shinsearach, an Teastas Sóisearach agus ATF ar fáil.<br>In 2022, sholáthair Glúin Cheoil Chathair Bhaile Átha Cliath (GCCBÁC) cláir cheoil fhor-rochtana in 28 scoil. |
| Cinntiú go bhfuil gach beart riachtanach um chosaint leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017. | Críochnaíodh Seicliosta Rialachais nua agus rinneadh plé air le Príomhoidí agus dáileadh sa tríú ráithe é. Cinntítear leis an seicliosta sin go bhfuil gach beartas riachtanach agus gach beart cosanta leanaí i bhfeidhm ag gach ceann de na 11 iar-bhunscoil. |
| Cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. | Tá clár FROT (Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga) bunaithe go hiomlán anois agus cuireadh beagnach 30 mac léinn i scoileanna i mí Lúnasa. Tá méadú tagtha ar FROT anois chun mac léinn go léir a bhfuil na Seirbhísí Cóiríochta do Dhaoine faoi Chosaint Idirnáisiúnta acu a chur san áireamh agus tá maoiniú faighte don bhliain seo chugainn. |

## Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)

| Sprioc | Éacht(aí) |
| --- | --- |
| Straitéis athbhrandála a fhorbairt agus a chur chun feidhme do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. | Dáileadh doiciméad BOO Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le treoirlínte brandála nua agus lógónna nua ar phríomhoidí agus ar chinn ionaid.<br>Seoladh an suíomh gréasáin nua do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2023.<br>Seastáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath uasdátaithe do Roghanna níos Airde agus Worldskills agus bunaíodh grúpa oibre ó gach cuid den scéim le hullmhú chun freastal ar an imeacht i mí Mheán Fómhair 2023. |
| Clár dhá móide dhá a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an earnáil Córais Ardoideachais. | Baineadh comhaontú amach le comhpháirtithe P-TECH chun clár 2 móide 2 a fhorbairt.<br>Seoladh BA sna Meáin Thumthacha i mí Mheán Fómhair. Tá cláir bhreise á bhforbairt faoi láthair.<br>Ceapadh Comhordaitheoir Tionscadail in 2023. Tá forbairt an chláir ar siúl le páirtithe faoi láthair. |
| Cúrsaí nua ar líne Google a bhainistiú agus a sheachadadh agus a chur ar fáil do gach Foghlaimeoir agus Ball Foirne go saoráideach. | Bhí os cionn 800 foghlaimeoir cláraithe ar chúrsaí faoi dheireadh 2023. |
| Printíseachtaí nua TF a sheachadadh don Státseirbhís. | Tá 103 Printíseacht ghníomhach ar siúl faoi láthair. |
| Clár Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) Ardleibhéil a fhorbairt i gComhpháirtíocht le BOOÁCDL. | Forbraíodh agus faomhadh Clár BCTE nua ar leibhéal ní b'airde agus seachadadh i mBord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire é. Tá an clár dírithe ar imircigh agus ar Úcránaigh easáitithe a bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal acu ina dtír féin ach a dteastaíonn uathu cumas an Bhéarla a fheabhsú. |
| Iarratas a chur isteach ar fhreagracht chineachta d'fhorbairt cláir agus do bhainistíocht ó DCCÉ agus cumas Chathair Bhaile Átha Cliath a fheabhsú chun cláir a uasdátú. | Chuaigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i dteagmháil le DCCÉ maidir leis an bpróiseas freagrachta cineachta lena n-áirítear bailíochtú/athbhailíochtú ar roinnt clár a phíolótú trínár bpróisis.<br>Tá pleanáil maidir le freagracht cineachta agus iarratas á ullmhú anois. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
| --- | --- |
| Iarratas a chur isteach ar fhreagracht chineachta d'fhorbairt cláir agus do bhainistíocht ó DCCÉ agus cumas Chathair Bhaile Átha Cliath a fheabhsú chun cláir a uasdátú. | In 2023, uasdátaíodh TT (Téarmaí Tagartha) den Choiste um Bainistíocht Clár agus Forbairt – athraíodh an t-ainm chuig GBCF - an Grúpa um Bainistíocht Clár agus Forbairt chun ailíniú ar bhealach níos fearr leis an gcuid eile de struchtúir rialachais DC.<br><br>Ath-leithdháileadh ball foirne chun obair a dhéanamh ar an gclár forbartha do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá tús curtha le hionduchtú agus uasoiliúint fhoireann an Aonaid Forbartha Curaclaim le DCCÉ agus oiliúint inmheánach.<br><br>Scríobhadh clár nua a bhfuil céimeanna (2+2) mar thoradh air i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Bailíochtaíodh an clár agus tá sé ag feidhmiú anois. Tá clár P-TECH á fhorbairt. |
| An tAonad Rannpháirtíochta Fostóirí a Neartú. | Tosaíodh ar phléití le SOLAS maidir leis an gcás gnó chun líon foirne a mhéadú san Aonad Rannpháirtíochta Fostóirí in 2023. Cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta inmheánach le ball foirne amháin sa bhreis agus triúr faoi chaibidil. Tá léiriú spéise le haghaidh baill foirne breise a ullmhú. |
| Treoirlínte ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt le haghaidh prótacail chumarsáide. | Tá an obair maidir le hathruithe ar ainmneacha Ionad BO ar siúl. Athraíodh an spriocdháta chun freastal ar phléití tiomanta agus obair atá ar siúl. |
| Feabhas a chur ar an gcumarsáid, ar an mbrandáil agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil don phobal, le rochtain mhéadaithe d'úsáideoirí féideartha seirbhíse. | Reáchtáladh Feachtais BO Chathair Bhaile Átha Cliath ag tús R3 ar Raidió Náisiúnta, Fógraíocht Iompair Phoiblí, na Meáin Shóisialta agus Gnéithe Irise Oideachais. Bhí seastán agus ábhar bolscaireachta ag Cathair Bhaile Átha Cliath ag imeachtaí, lena n-áirítear Roghanna Níos Airde agus Worldskills:<br><br>▪ Roghanna níos Airde ón 20 go dtí an 22 Meán Fómhair (Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath). D'fhreastail mic léinn dara leibhéal ó gach cearn den tír ar an imeacht. Bhí seastán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le feiceáil go soiléir sa phríomhláthair agus thug na mílte mic léinn cuairt air thar na 3 lá.<br><br>▪ Worldskills Ireland ón 20 go dtí an 22 Meán Fómhair (Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath). Chuir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath taispeántais agus baill foirne ar fáil i réimsí éagsúla, lena n-áirítear Scileanna Glasa, Cothabháil Feithiclí Leictreacha, Deisiúcháin Cabhlach agus ailíniú Braiteora Lidar i gcarranna nua-aimseartha. |
| Rannpháirtíocht le heagraíochtaí ionadaíocha a mhéadú | In 2023, chuaigh Stiúrthóir BO i bpáirt le grúpa forbartha P-TECH chomh maith le hionadaithe tionsclaíochta ó cheantar na nDugaí chun clár foghlama saincheaptha atá bunaithe ar obair a fhorbairt le haghaidh seacht scoil áitiúla. Dearfar na cúrsaí chun freastal ar riachtanais na bhfostóirí áitiúla. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Féiniúlacht agus brandáil BO de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a athrú go straitéiseach. | Fógraíodh do cheannairí BO in BOO Chathair Bhaile Átha Cliath go dtabharfar **Coláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath** ar gach soláthar BO anois.<br><br>Cuireadh gach ball foirne de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar eolas faoin bplean chun na cúrsaí go léir de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i gColáiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath nua a mhargú faoi ocht ndámh a comhaontaíodh le gach ceannaire BO sa chathair. |
| Cumarsáid agus comhoibriú a fheabhsú idir na foirne forbartha BO, foirne cáilíochta áitiúla agus ar fud réigiún. | Leithdháileadh comhalta de BO ar gach foireann Cáilíochta sna hIonaid agus tá cruinnithe míosúla le croífhoireann ar siúl.<br><br>Bhí imeacht comhoibrithe in R3 le foirne DC BO ó gach ionad ann. Dáileadh nuachtlitir leictreonach ar gach ionad a chuir béim ar fhorbairtí reatha BO agus ar nuacht. |
| Leanúint de rannpháirtíocht LCTT (Tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh) | In 2023, lean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag tacú le rialtas LCTT chun tús a chur leis na moltaí de thuarascáil LCTT agus iad a chur chun feidhme. Forbraíodh agus seoladh straitéis um Oideachas Aosach agus an Phobail in 2023. Leanann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a bheith ag tacú le hiarrachtaí LCTT. |
| Fís, pleananna agus straitéis BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do FFG a chur in iúl go soiléir. | In 2023, foilsíodh Straitéis FFG BO agus uaslódáladh ar shuíomh gréasáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath í.<br><br>Bhí athbhreithniú TELMS ar siúl ag Coláiste Breisoideachais an Phiarsaigh in R2, agus seoladh mol TEL ar an 24 Samhain. |
| Cinntiú go bhfuil an fhoireann in ionaid a chuireann clár FCL (Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige) ar fáil cáilithe go cuí. | Rinne BOO Chathair Bhaile Átha Cliath urraíocht ar cheathrar den fhoireann as trí ionad éagsúla a fuair áiteanna i gcúrsa de chuid Institiúide Teicneolaíochta Dhún Dealgan le haghaidh teagascóirí FCL. Chomhroinn na baill foirne sin an méid a d'fhoghlaim siad sa chúrsa le pobal Cleachtais FCL. Tacóidh sé sin le cumas a chothú agus foghlaim chomhoibríoch. |
| Suirbhé ar Fhoghlaimeoirí a rinne BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus feabhsuithe ar Shonraí a athbhreithniú. | Rinneadh athbhreithniú ar an suirbhé ar fhoghlaimeoirí a rinne BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus uasdátaíodh é. Rinne anailís ar shonraí an tsuirbhé agus scaipeadh iad. Dearadh suirbhé nua atá bunaithe ar aiseolas ó shin agus tá triail á baint as ar bhonn píolótach. |
| Tacú leis na foirne Cáilíochta mar bhealach chun tacú le feabhsú cáilíochta. | Cruthaíodh Mol Tacaíochta BO in 2023. Reáchtáladh imeacht le haghaidh Foirne Cáilíochta BO ag Coláiste Bhreisoideachais Inse Chór sa tríú ráithe. Seoladh mol BO le haghaidh foghlaim dhigiteach ar an 24 Samhain. |
| An tSeirbhís um Oideachas Aosach de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a athbhreithniú. | Críochnaíodh athbhreithniú dhá lá ar oibríochtaí na Seirbhíse um Oideachas Aosach, agus leagadh amach moltaí do chur chun feidhme. Tá dréacht-tuarascáil le foilsiú go luath. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Deiseanna leanúnacha oiliúna agus forbartha acmhainní a chur ar fáil don fhoireann ceannaireachta. | Soláthraíodh seisiún oiliúna don bheirt Oibritheoirí Eacnamaíochta Údaraithe i róil forbartha BO agus bhí lá forbartha foirne in R2 le haghaidh foirne i róil forbartha BO. |
| Líon na gclár atá ar fáil lena seachadadh in ionaid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a mhéadú. | Fhormheas DCCÉ BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chun trí mhicreadhámhachtain nua a sheachadadh in 2023. |
| Tabhairt faoi Chórais agus Riarachán BO straitéiseach ar fud gach soláthair BO. | Bunaíodh grúpa oibre chun córas a mholadh chun foghlaimeoirí a earcú agus a chlárú ar bhealach láraithe. Cuireadh tuarascálacha idirmheánacha do gach grúpa i láthair os comhair GFFS (an Grúpa um Fhorbairt Feidhmíochta Straitéisí). |
| Struchtúir rialachais DC, TTnna agus Ballraíocht BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a nuashonrú. | Uasdátaíodh TT agus cairt grúpa rialachais agus d'fhormheas an Chomhairle um Dhearbhú Cáilíochta agus Pleanáil Straitéiseach (CDCPS) iad. Bhunaigh an Grúpa um Bainistíocht agus Forbairt Clár grúpa oibre amháin in R2 chun forbairt na printíseachta díonadóireachta agus cumhdra a chur chun tosaigh agus foghlaim a ghabháil maidir le conas is fearr printíseachtaí náisiúnta a fhorbairt in BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>In R2 rinne GBCF na moltaí seo a leanas don fhoireann Shinsearach ceannaireachta:<br>▪ 3 dhámhachtain nua a chur faoi bhráid DCCÉ /bailíochtú / athbhailíochtú.<br>▪ Clár céime P-TECH a fhorbairt le haghaidh foghlaimeoirí i scoileanna LCTT i gcomhpháirtíocht le DCCÉ, CNÉ (Coláiste Náisiúnta na hÉireann) agus páirtithe P-TECH (tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath bailíochtaithe d'Ardteastas, agus tá CNÉ bailíochtaithe do chéim leibhéal 8).<br>▪ 40+ clár de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a mhionathrú agus a uasdátú.<br>▪ Cúrsa nua a leithdháileadh ar ionaid de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>Bhunaigh an Grúpa um Fhorbairt Dearbhaithe Cáilíochta trí ghrúpa oibre a rinneadh na moltaí seo a leanas in R2 don fhoireann Shinsearach ceannaireachta de Chathair Bhaile Átha Cliath:<br>▪ Rinneadh agus reáchtáladh ceistneoir foghlaimeoirí d'fhoghlaimeoirí le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath (eisíodh an suirbhé d'fhoghlaimeoirí i mí na Bealtaine 2023).<br>▪ Formheasadh straitéis foghlama digití do BO le foilsiú (2023-27).<br>▪ Uasdátaíodh lámhleabhar an Údaráis Oideachais agus foirmeacha gaolmhara agus cuireadh na próisis nua a leagadh amach iontu sin chun feidhme ar fud réimsí seirbhísí BO. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Struchtúir rialachais DC, TTnna agus Ballraíocht BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a nuashonrú. | Bhunaigh an Grúpa Forbartha um Fheidhmíocht Straitéiseach 4 ghrúpa oibre agus rinne gach ceann acu athrú. Rinne CANVAS moltaí don fhoireann Shinsearach ceannaireachta maidir leis an méid seo a leanas:<br>▪ Mol maidir le Faisnéis do Ghairmeacha Beatha & Oideachas a bhunú atá do dhaoine i láthair go pearsanta (suíomh lárnach) & ar líne.<br>▪ An cur chuige reatha moil agus spóca maidir leis an margaíocht agus comhordú tairiscintí oideachais agus oiliúna a leathnú chuig fostóirí agus a bhfoireann tríd an aonad rannpháirtíochta fostóirí a leathnú.<br>▪ Moltaí maidir leis an mbunú córais lárnaigh nó próisis le haghaidh ionduchtú foghlaimeoirí lena n-áirítear cuntas ríomhphoist, Oifig 365, Moodle, uaslódáil VSware agus croí-eolas ionduchtaithe.<br>▪ Moltaí maidir le conas líon na scileanna a mhéadú chun cúrsaí agus foghlaimeoirí a chur chun tosaigh in BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí foghlaimeora agus ar sholáthar BO. | Bunaíodh dhá ghrúpa oibre in 2023. Grúpa amháin chun tabhairt faoi athbhreithniú straitéiseach tacaíochtaí foghlaimeora ar fud an tsoláthair BO go léir agus grúpa eile chun cur chuige a bhaineann leis an gcathair ar fad a fhorbairt maidir le pleanáil agus margaíocht a dhéanamh ar sholáthar BO le samhail scoile foghlama ilionaid. Cuireadh tuarascálacha do gach grúpa i láthair os comhair GFFS. |

## Seirbhísí don Aos Óg

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Deiseanna a chruthú chun obair don aos óg a chur chun cinn ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath. | Bhí Taispeántas Ealaíne Daoine Óga ann chun saothair na hóige a chur chun cinn i Ráithe 1 de 2023. D'fhéach 100 duine óg ar an taispeántas ag na hoifigí de chuid CDYS (Seirbhísí d'Aos Óg Bhaile Átha Cliath).<br><br>Ráiteas agus cuairt ar an gComhchoiste Oireachtais um Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an ábhar oibre don aos óg. Úsáideadh sonraí cainníochtúla a asbhaineadh ón bpróiseas Tuairiscithe ar Dhul chun Cinn Bliantúil UBU i bhforbairt an ráitis ag an gComhchoiste Oireachtais ar an ábhar oibre don aos óg.<br><br>Chuir ár rannpháirtíocht leis an dioscúrsa poiblí faoin treoir bheartais maidir le hobair don aos óg go náisiúnta.<br><br>Mar chuid den chlár rannpháirtíochta óige, taifeadadh roinnt seisiún le daoine óga agus cruthaíodh gearrspóil do na meáin shóisialta. Is é cuspóir na bpostálacha ar na meáin shóisialta ná béim a chur ar obair na hóige agus ar ghuthanna daoine óga.<br><br>Rannpháirtíocht le 47 tionscadal oibre/seirbhísí don aos óg ar fud chathair Bhaile Átha Cliath mar chuid de chomhairliúchán RLCMLÓ (an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige) maidir le plean gníomhaíochta don aos óg. Rinneadh i gcomhairle le 24 duine ó shé thionscadal chomh maith. |
| Bheith níos eolaí ar shonraí chun eolas níos fearr a chur ar fáil do Sheirbhísí Óige agus do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. | Tá an fhaisnéis a tiomsaíodh sa daonáireamh is déanaí ar fáil anois le húsáid ag Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath chun tuarascáil a ullmhú maidir leis na háiteanna is mó gá lenár seirbhísí óige i bpobail. Ceapfar taighdeoir neamhspleách chun an obair sin a dhéanamh. |
| Soiléireacht agus cumarsáid a sholáthar maidir le ról Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath. | Uasdátaíodh an téacs do Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Postálacha ar na meáin shóisialta maidir le cláir óige ealaíon agus ceoil agus an próiseas comhairliúcháin leis an aos óg a chur chun cinn.<br><br>Tá méadú tagtha ar phostálacha ar na meáin shóisialta ar an dá ardán agus iad ag úsáid píosaí scannánaíochta agus grianghraf ó na himeachtaí a reáchtáladh. Rinneadh tuairimí a rianú trí anailísíocht chun díriú ar fheabhsuithe, agus tá an méid a dúradh dearfach. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Bunluachanna a neadú laistigh de struchtúr eagraíochtúil Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath. | Reáchtáladh lá forbartha don fhoireann riaracháin. |
| Freagra a thabhairt ar shaincheisteanna tosaíochta atá ag teacht chun cinn | Doiciméadaíodh agus taifeadadh forbairtí agus idirghníomhaíochtaí nua agus cuireadh in ord tosaíochta iad de réir beartais oibre óige agus phlean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Sainaithníodh riachtanais atá ag teacht chun cinn trí anailís ar riachtanais phobail in dhá phobal Bhaile Átha Cliath nár léarscáilíodh agus críochnaíodh iad agus sainaithníodh pleananna gníomhaíochta chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn.<br><br>Oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla i gcomhairliúchán leanúnach le daoine óga maidir le luach na hoibre óige agus riachtanais. |
| Comhoibriú méadaithe le páirtithe leasmhara. | Dhírigh cruinnithe líonra ceantarbhunaithe le linn R2 ar fhorbairt na bpróifílí pobail agus ar a chinntiú gur gabhadh ionchur na soláthraithe oibre don aos óg. I ráithe a trí díríodh ar pháirtithe leasmhara a ullmhú don timthriall nua de UBU. Forbraíodh tacar acmhainní, agus reáchtáladh clinicí ar fud na cathrach chun tacú le tionscadail/seirbhísí a rabhthas ag cur iarratas isteach ar Thimthriall a Dó den scéim.<br><br>Bhí rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara ar siúl in 2023, eg. LCTT.<br><br>Bhí rannpháirtíocht i bpríomhthionscadail amhail Grúpa nua Cur chun Feidhme Ghort na Silíní.<br><br>Gabhadh agus comhroinneadh príomhtheachtaireachtaí agus úsáideadh iad chun seirbhísí a fheabhsú. Reáchtáladh cruinnithe athbhreithnithe inmheánacha ar bhonn ráithiúil agus cruinnithe oibríochtúla seachtainiúla chomh maith le cruinnithe foirne ceantair agus cruinnithe foirne riaracháin/airgeadais gach seachtain. CADCCP (cruinnithe um athbhreithniú ar dhul chun cinn pleanála) d'eagraíochtaí arna maoiniú ag UBU go léir in R2 lena n-áirítear buiséadú airgeadais ar aon líne le méaduithe. Mhéadaigh beart próifílithe rannpháirtíocht le Fos maidir le príomh-shaincheisteanna amhail suíomh soláthair, grúpaí spriocdhírithe agus saincheisteanna a bhfuil tionchar acu orthu, freagraí riachtanacha agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo.<br><br>Cruinnithe Athbhreithnithe ar Dhul chun Cinn Pleanála le gach tionscadal/seirbhís, gannchaithimh a shainaithint le haghaidh tograí ath-leithdháilte. Doiciméadaíodh agus taifeadadh forbairtí agus idirghníomhaíochtaí nua. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
| --- | --- |
| Comhoibriú méadaithe le páirtithe leasmhara. | Comhairliúchán le gach tionscadal/seirbhís in BOO Chomhairle Bhaile Átha Cliath chun freagairt a fhorbairt ar chomhairliúchán RLCMLÓ maidir le todhchaí na hoibre óige. Forbraíodh creat ceithre cholún a chuireann béim ar riachtanais na hearnála i mBaile Átha Cliath. Bhí tinreamh maith ag cruinnithe éascaithe ar líne na hearnála oibre óige. Reáchtáladh 100 cruinniú de CADCCP ar fud na cathrach.<br><br>Bhí rannpháirtíocht dhearfach i mbliana chun tacú leis an earnáil le CYPSC (Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga)/BOOÉ/ LCTT/IMMA (Áras Nua-Ealaíne na hÉireann). Seoladh anailís ar riachtanais phobail i gCluain Ghrífín/i mBéal Maighne a bhí ag obair i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun plean a fhorbairt.<br><br>Rinneadh cur i láthair os comhair an Aire do RLCMLÓ faoi na príomh-mholtaí de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath maidir leis an mbearna i seirbhís i gceantar Bhaile Pheiléid/na Canálach Ríoga.<br><br>Tá gá le togra leantach maidir le cur chuige chun freastal ar an riachtanas ar bhealach níos oiriúnaí don riachtanas léirithe.<br><br>Bunaíodh cúig chlub nua a bhfuil oibrithe deonacha i gceannas orthu in LCTT. Rannpháirtíocht leanúnach le LCTT/leis an Roinn maidir le riachtanais daoine óga i Lár na Cathrach Thuaidh. Ionchur i bhforbairt an phlean do Ghort na Silíní. |
| Eolas a chur ar fáil do bheartais náisiúnta Oibre Óige trí úsáid a bhaint as cur chuige ón mbonn aníos. | Bhí gabháil leanúnach treochtaí na hearnála ag Oifigigh Idirchaidrimh in 2023. Soláthraíodh aiseolas ar an Teimpléad um Iarraidh Sonraí de RLCMLÓ. Ghlac Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath páirt i raon ceardlann arna soláthar ag BOOÉ maidir leis an mbeart próifílithe. Tá ionchur curtha ar fáil i bhforbairt an phlean gníomhaíochta a bhfuil an Roinn i gceannas air.<br><br>Rinneadh uasdátú ar na próifílí ceantair agus tar éis athbhreithniú ar na próifílí, cruthaíodh 51 riachtanas seirbhíse sainoiriúnaithe nua do chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Cuireadh tús le próiseas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in R1 chun Riachtanais Seirbhísí a fhorbairt. In R2, tar éis próiseas cuimsitheach lena n-áirítear taighde deisce agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, forbraíodh Próifílí Ceantar agus cuireadh faoi bhráid limistéir gheografacha faoi mhíbhuntáiste iad. Cuireadh isteach trí chur chuige de réir téamaí chun freastal ar riachtanais daoine óga maidir le heaspa dídine, an Lucht Siúil agus Folláine/Spóirt i mí na Bealtaine. Rinneadh obair le cur isteach maidir leis na ceithre phróifíl fós le déanamh a chlúdaíonn na ceithre cheantar faoi mhíbhuntáiste in R3. Forbraíodh na ceithre phróifíl ceantair sin a bhí fágtha agus |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Eolas a chur ar fáil do bheartais náisiúnta Oibre Óige trí úsáid a bhaint as cur chuige ón mbonn aníos. | cuireadh faoi bhráid RLCMLÓ iad lena bhformheas. Formheasadh gach riachtanas seirbhíse agus soláthraíodh d'eagraíochtaí maoinithe ar fud na cathrach iad chun freagairt chuí a iarraidh.<br><br>Bunaíodh ceithre chlub oibrithe deonacha atá ag obair i gcomhar le Crosscare chomh maith in 2023. Sholáthar cúig chlub in LCTT a bhfuil oibrithe deonacha i gceannas orthu cláir gníomhaíochtaí do dhaoine óga le linn shaoire an tsamhraidh.<br><br>Reáchtáladh 10 gcruinniú líonra in 2023. Bhuail líonraí le chéile in R1 agus cuireadh páipéar i láthair maidir le soláthar oideachais lasmuigh den scoil.<br><br>Díríodh sa chruinniú líonra in R2 ar bheart próifílithe agus ar eolas maidir le próiseas iarratais Thimthriall 2. Dhírigh cruinnithe líonra agus clinicí iarratais in R3 ar thacaíocht a thabhairt d'Eagraíochtaí Maoinithe chun próiseas iarratais UBU ar áit i dTimthriall 2 a chríochnú. |
| Ionchur páirtithe leasmhara a fhorbairt le béim ar a bheith dírithe ar an duine óg. | Bunaíodh fóram daoine óga in 2023. Cuireadh iarratas isteach agus faomhadh é faoi Léargas chun tacú le forbairt an fhóraim daoine óga. Tá 60 duine óg tar éis dul i gcomhairle le linn R3 mar chuid den fhorbairt ghuth na hóige.<br><br>Gheobhaidh na daoine óga Pas Óige AE mar aitheantas ar a gcuid foghlama neamhfhoirmiúla le linn an phróisis sin. |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach. | Cuireadh plean oiliúna foirne chun feidhme 2023. Reáchtáladh oiliúint i sábháilteacht ar dhóiteán agus i miontuairiscí a ghlacadh. Rinneadh athnuachan ar dheimhniú garchabhrach 8 mball foirne. |
| Glacadh le guth na foirne i dtreoir straitéiseach chun anailís ar riachtanais oiliúna a nuashonrú agus a athbhreithniú. | Ba é an plean ná am machnaimh agus plé a chur ar fáil chun fís agus cultúr comhroinnte a fhiosrú trí phiarfhoghlaim agus trí fhoghlaim chomhroinnte. Reáchtáladh lá forbartha riaracháin in R2 agus in R3 ina raibh ionchur ó fhoirne riaracháin agus airgeadais chun obair idir foirne a mhéadú. |
| Páirt a thabhairt do dhaoine óga i bhforbairt straitéiseach na seirbhísí don óige. | Chun dearcadh agus guth duine óig a ardú i bpleanáil na seirbhísí óige, cuireadh iarratas isteach ar mhaoiniú in R1 chun fóram daoine óga a bhunú. Fuarthas maoiniú agus leathadh amach ceithre sheisiún go dtí seo, agus tá sé beartaithe go dtabharfar páirt do dhaoine óga i gcoiste comhairleach don imeacht seimineáir i mí Feabhra 2024. |
| Plean straitéiseach a chur chun feidhme. | Tá plean cur chun feidhme á fhorbairt i gcomhairle le foireann. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Comhroinnt smaoinimh forbartha a thabhairt isteach i bhfoghrúpaí mar chuid de chruinnithe foirne. | Rinneadh foghrúpaí foirne a bhí dírithe ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí sonracha. |
| Cumas ceannaireachta a fhorbairt laistigh de sholáthraithe seirbhíse áitiúla. | Ba éard a bhí i gceist leis sin ná cláir a dhearadh chun oiliúint agus forbairt foirne a chur san áireamh, chomh maith le seachadadh tionscadail a stiúradh. Forbraíodh plean do sheimineáir bunaithe ar chleachtas maidir le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn le haghaidh 2023. Cuireadh tús le seisiúin maidir le freagairtí oibre óige ar ghníomhaíocht i bhfad amach ar an eite dheas in R2.<br><br>Íocadh deontas sparánachta le mic léinn i gcúrsaí oibre óige a rinneadh obair dheonach i gCathair Bhaile Átha Cliath. |
| Seirbhísí Óige agus Clubanna Deonacha a Fheabhsú. | Bunaíodh clár ealaíon óige in 2023 a thacaíonn le clubanna óige agus le tionscadail maidir le cur chuige ealaíon a fhorbairt. Tacaíonn an clár Ealaíon le daoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin maidir le roinnt píosaí imeasctha.<br><br>In 2023, bhí méadú tagtha ar ghlacadh na Scéime Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla agus na gclubanna a bhfuil oibrithe deonacha i gceannas orthu faoi phlean R2 agus R3 um Maoiniú Caipitil chun deontais shéasúracha a chuíchóiriú. Críochnófar cuíchóiriú deontas in 2024 le tabhairt isteach submit.com |
| Rannpháirtíocht leanúnach le KEKS le straitéisí digiteacha d'obair óige a fhorbairt. | Forbraíodh córas na Logleabhar a d'fheabhsaigh tuairisciú agus doiciméadú ar Obair Óige. Bhí páirt glactha ag Cathair Bhaile Átha Cliath i dtionól bliantúil KEKS sa tSualainn. Thug toscaireacht Fhionlannach cuairt ar thionscadail i mBaile Átha Cliath in R4. |
| Córais, próisis agus struchtúir a fhorbairt. | Rinneadh obair leanúnach chun nósanna imeachta agus lámhleabhair a nuashonrú chun éifeachtachtaí agus éifeachtacht a fheabhsú inár bhfeidhmiú oibre don aos óg. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair ar fhorbairt na tairsí ar líne chun próisis a chuíchóiriú.<br><br>Tá plean tionscadail shoiléir i bhfeidhm chun acmhainní foirne ar leith a shainaithint agus a shannadh chun tionscadail agus clubanna a fhorbairt i gcathair Bhaile Átha Cliath. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Tacú le heagraíochtaí maoinithe chun na ceanglais ábhartha rialachais agus dlí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sna Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse. | Críochnaíodh agus athbhreithníodh Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul chun Cinn, agus cuireadh faoi bhráid RLCMLÓ in R1 iad le teimpléid tuairiscithe airgeadais a críochnaíodh agus athbhreithníodh don ráithe in R2.<br>Bhí monatóireacht leanúnach a d'úsáid an Creat Rannpháirtíochta um Fheidhmíocht & Maoirseacht in 2023 chun a chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm agus go gcuirtear chun feidhme iad.<br>Chun Beartas agus Rialacha Oibríochtúla de scéim UBU agus an creat feidhmíochta agus maoirseachta a chur chun feidhme, críochnaíodh 51 CADCCP chomh maith le hardleibhéal rannpháirtíochta le Fos chun próifílí agus Ceanglais Seirbhíse a fhorbairt. Críochnaíodh athbhreithnithe Rialachais agus Airgeadais lena n-áirítear 1 eagraíocht mhaoinithe.<br>In R2, cuireadh tús le hathbhreithnithe d'eagraíochtaí arna maoiniú ag UBU agus DPU (an tAonad Beartais Drugaí). Rinne 8 n-eagraíocht mhaoinithe rannpháirtíocht le hAthbhreithnithe Airgeadais & Rialachais |

# SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn)

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Íocaíochtaí tráthúla agus cruinne táillí agus deontas cothabhála a bhainistiú le hathbhreithnithe leanúnacha Dearbhaithe Cáilíochta. | Faoin bPróiseas Dearbhaithe Cáilíochta um Méadracht feidhmíochta de RBATNE - BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, leanadh de bheith ag baint spriocanna amach maidir le measúnú agus íocaíocht go dtí R4.<br><br>Ba é an meán-am chun iarratais a phróiseáil sa bhliain acadúil 2023/24 ná laistigh de dhá sheachtain.<br><br>Ba é an meánscór DC don aonad measúnaithe ná 97.93% don bhliain. |
| Cumarsáid agus comhoibriú fíoréifeachtach a chothú laistigh agus lasmuigh den eagraíocht. | Seoladh suíomh gréasáin nua SUSI in 2023. Tá céim a dó de chéim shuíomh gréasáin SUSI ar siúl faoi láthair.<br><br>Críochnaíodh imeacht for-rochtana rathúil de chuid SUSI in 2023. Reáchtáladh clár For-Rochtana le linn na bliana lenar áiríodh freastal ag Laethanta Oscailte agus Roghanna níos Airde.<br><br>Úsáid leanúnach na n-acmhainní agus na faisnéise atá ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse (mic léinn, iarratasóirí, teaghlaigh) tríd an suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, feachtais fhógraíochta, ionad glaonna, na meáin.<br><br>Obair ar siúl chun líon na dteagmhálacha leis an deasc chabhrach in aghaidh an iarratais a choinneáil. Rinneadh é sin a thomhais ar bhonn leanúnach.<br><br>Cuireadh tús le mol faisnéise Foirne SUSI in 2023 le bailiú leanúnach ábhair agus réiteach TFC le haghaidh 2024.<br><br>Bhí ath-rannpháirtíocht leanúnach le fóram foirne SUSI agus le haiseolas ó gach ball foirne. Críochnaíodh athbhreithniú agus freagairt na Foirne Bainistíochta.<br><br>Reáchtáladh Lá Forbartha Foirne SUSI agus bhí breis agus 100 ball foirne i láthair. Ba théama an lá ná SUSI, Ag Tacú le Scoláirí go hIomlán, agus bhí deis ag an bhFoireann eolas a fháil ó RBATNE, BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus mic léinn faoi thionchar agus ról SUSI maidir le rochtain ar oideachas. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cur le caidrimh páirtithe leasmhara reatha agus caidrimh páirtithe leasmhara nua a fhorbairt. | Bhí nuashonrú agus cruinniú bliantúil le grúpa comhairleach SUSI ann. Soláthar leanúnach seirbhíse chuig Deasc Chabhrach páirtithe leasmhara SUSI agus deasc thacaíochta SUSI. Comhlíonadh Spriocdhátaí Freagartha CP (ceisteanna parlaiminte) do RBATNE.<br>Leanadh de bheith ag soláthar feachtais fhaisnéise a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara.<br>Leanadh le hoiliúint do pháirtithe leasmhara a sholáthar lena n-áirítear faisnéisiú pearsanta don Oireachtas.<br>Leanadh le cruinnithe grúpa oibre teicniúil a bheith ar siúl i rith na bliana. Rannpháirtíocht leanúnach le RBATNE agus le BADML (an Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn). Reáchtáladh seisiún comhroinnte eolais do SUSI/RBATNE in R4.<br>Leanann SUSI de bheith ag dul i dteagmháil le gach gníomhaireacht, gach institiúid agus gach comhlacht, amhail IAnna (Institiúidí Ardoideachais), Ioncam, agus RCS (an Roinn Coimirce Sóisialaí), atá riachtanach don tacaíocht theicniúil, sonraí agus riaracháin le haghaidh measúnú agus íocaíocht na ndeontas.<br>Rinneadh féilire imeachtaí in R1. Bhí freastal leanúnach ar imeachtaí ábhartha. Cruthaíodh foirm aiseolais agus cuireadh í sin chuig gach duine a bhí ann chun na rudaí ba shuntasaí a bhí le foghlaim ón imeacht sin a mheas.<br>Reáchtáladh lá Faisnéise SUSI – RBATNE. Ba é cuspóir an lae ná tuiscint níos fearr ar obair SUSI a fhorbairt agus caidrimh idir foirne in SUSI agus sa Roinn a idirghníomhaíonn le chéile go rialta a chothú. |
| Cinntiú go bhfuil gach córas cothrom le dáta. | Iarratas ar líne agus an tairseach mac léinn a uasdátú chuig an leagan is déanaí a bhfuil tacaíocht leis. Méadracht Feidhmíochta RBATNE-BOO Chathair Bhaile Átha Cliath = Sprioc aga fónaimh córais 99% bainte amach. |
| Timthriall deontas bliantúil éifeachtach agus tráthúil a bhainistiú. | Osclaíodh iarratais deontais ní ba luaithe, agus barrfheabhsaíodh soláthar foirne chun méideanna iarratas méadaithe a bhainistiú. Osclaíodh le haghaidh athnuachaintí ar an 9 Márta.<br>Socraíodh maoirseoirí le haghaidh shéasúr measúnaithe 23/23.<br>Bhí earcaíocht agus oiliúna measúnóirí nua a glacadh isteach i gcúig ghrúpa ar siúl thar thréimhse 12 sheachtain. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Tionscnamh Oiliúna agus Forbartha Ball Foirne Reatha. | Baineadh Deimhniúchán Óir amach i nDeimhniúchán Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe NSAI.<br><br>Bhí feidhmiú céimneach oiliúna intí agus seachtraí aitheanta a bhí bunaithe ar shonraí Anailíse ar Riachtanais Oiliúna ar siúl le linn na bliana. Leathadh amach oiliúint sheachtrach i bpríomhréimsí cosanta sonraí, obair chumaisc a bhainistiú, cibearshlándáil, Oifig MS, seirbhís do chustaiméirí, cumarsáid ghairmeach, bainistíocht riosca agus saoráil faisnéise le linn na bliana.<br><br>Cuirtear le féilire oiliúna le hArdán Foghlama LinkedIn anois. Tosaíodh ar an bhfeidhmiú céimneach in R4.<br><br>Rinneadh athbhreithniú ar ionduchtú reatha foirne SUSI agus uasdátaíodh é.<br><br>Bhí foghlaim leanúnach trí fhreastal ar imeachtaí seachtracha.<br><br>Reáchtáladh ceardlanna luachanna i bpearsa agus bhí gach ball foirne rannpháirteach iontu. Scaipeadh an suirbhé luachanna in R3.<br><br>Seachadadh oiliúint bhreise maoirseoirí agus ceannaireachta do bhainisteoirí nua daoine, agus seachadadh oiliúint bhreise do bhainisteoirí ar an ionad oibre cumaisc in R3.<br><br>Gach folúntas Ghrád 6, Ghrád 7 agus Príomhoifigigh Cúnta líonta. Folúntais Ghrád 5 líonta. Léirithe spéise d'fholúntais fhágtha Ghrád 4 ar théarma seasta sceidealaithe do R4. |
| SUSI a fhorbairt agus feidhmeanna a leathnú. | Críochnaíodh Straitéis Cúig Bliana SUSI agus seoladh in R4 í. Spriocanna, Tionscnaimh agus PTFanna comhaontaithe.<br><br>Leantar de gach measúnú sonraí a chríochnú i bhfráma ama RBATNE. Meabhrán tuisceana idir IAnna agus SUSI/BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do Sparánacht 1916 críochnaithe. Comhaontuithe maidir le comhroinnt sonraí curtha i gcrích.<br><br>Iarratasóirí Próiseáilte agus Íoctha faoin Scéim Sparánachta Iar-Ardteistiméireachta do Dhaoine Easáitithe (na hÚcráine).<br><br>Iarratasóirí Próiseáilte agus Íoctha faoin Scéim Tacaíochta Mac Léinn d'Iarrthóirí Tearmainn. |
| Athruithe ar Chostas Maireachtála de Bhuiséid 2024 a sheachadadh | Bearta costais maireachtála do dheontais chothabhála pro rata glactha, laghdú ar ráta Ranníocaíocht an Mhic Léinn agus méadú aonuaire ar ranníocaíocht táille bainte amach Iarchéime curtha chun feidhme. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Athruithe ar an Scéim Deontais 23/34 a sheachadadh. | Rinneadh athbhreithniú ar phróisis mheasúnaithe de réir athruithe Scéim agus bhuiséid 2023. Críochnaíodh an clár um Dhearbhú Cáilíochta tar éis Measúnaithe in R4. |
| Deasc Thacaíochta SUSI. | Spriocanna CS (comhaontú seirbhíse) de sholáthraí Deisce Tacaíochta Seachfhoinsithe comhlíonta.<br>Athbhreithniú ar oiliúint Deisce Tacaíochta SUSI críochnaithe. Plean gníomhaíochta do chur chun feidhme 2024 críochnaithe. |
| SUSI a chosaint ar bhagairtí ar fud gléasanna, aitheantas, feidhmchlár agus sonraí. | Uasghrádaíodh seirbhísí na Deisce Tacaíochta Seachfhoinsithe agus ritear ar Chórais Oibriúcháin thacaithe iad.<br>Leathadh amach leanúnach na hoiliúna Cibearshlándála éigeantaí míosúla |
| MySUSI | Dul chun cinn réiteach MySUSI arna bhainistiú ag an oifig Thionscadail. Iarraidh ar fhaisnéis (IAF) críochnaithe. Cás gnó tosaithe. |
| Comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a chinntiú. | Tá bainistiú cásanna calaoise agus tuairisciú ráithiúil do RBATNE ar siúl. Oiliúint inrochtaineachta leanúnach agus forbairt chun comhlíonadh inrochtaineachta a chinntiú.<br>Seirbheáladh iarratais ar shaoráil faisnéise agus iarratais duine ar a shonraí laistigh den fhráma ama reachtúil.<br>Seirbheáladh gach iarradh Ombudóra. |
| SUSI mar eagraíocht dhigiteach mar réamhshocrú. | Ról Oifigigh Dhigitigh ceadaithe agus líonta. |

# Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD)

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Rátaí freastail ag cruinnithe boird. | Bhí freastal go maith. Tá freagra dearfach ann maidir leis an struchtúr cumaiscthe cruinnithe. |
| Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais. | Tá coistí i bhfeidhm agus tá siad ag feidhmiú go maith agus tá roinnt áiteanna ar an gcoiste airgeadais le líonadh. |
| Breithmheas an Bhoird ar obair a rinne na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta & Riosca. | Tugtar tuarascálacha go rialta, agus tá coistí ag feidhmiú i gcomhlíonadh an Chóid Rialachais. |
| Leanúint d'fhorbairt foirne. | Ceapadh bainisteoir oiliúna agus cuireadh clár forbartha foirne míosúil/bliantúil iomlán chun feidhme, agus rianaíodh agus taifeadadh é. Cuireadh clár iomlán deiseanna d'fhorbairt foirne i bhfeidhm le féilire imeachtaí míosúil.<br>I measc na gcúrsaí a cuireadh ar fáil le linn na bliana, bhí oiliúint sláinte agus sábháilteachta, Excel, teastas gairmiúil Google agus oiliúint bainistíochta hibride ann.<br>Leag SGCO (Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais) amach oiliúint CGI (Ceannach go hÍocaíocht) d'fhoireann na Ceannoifige agus d'chroífhoireann ionad in R3 agus R4 2023. Soláthraíodh oiliúint ar fud réimse ábhar lena n-áirítear baincéireacht, Excel agus bainistíocht airgeadais. |
| Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú. | Seoladh suíomh gréasáin nua a bhfuil ábhar uasdátaithe air in 2023. Tá monatóireacht ar anailísíocht ar siúl agus tá feabhsuithe inrochtaineachta á ndéanamh ar bhonn leanúnach.<br>Tá níos mó rannpháirtíochta agus caidrimh mar thoradh ar phostáil mhéadaithe ar chainéil na meán sóisialta de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>Athbhrandáladh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2023 chomh maith le seoladh suímh gréasáin nua. Beartaíodh feachtais nua chun próifíl branda BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus feasacht air a ardú.<br>Cuireadh inneall príobháideachta chun feidhme in 2023 chun tacú le rialú doiciméad agus le taifid oiliúna chun cosaint sonraí a fheabhsú san eagraíocht. Tá modúil oiliúna BOO á bhforbairt faoi láthair go náisiúnta le haghaidh feidhmiú céimneach tríd an Inneall Príobháideachta. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú. | Méadracht agus tomhais meán digiteach ar siúl le linn 2023. Feidhmiú céimneach feachtas fógraíochta in R2 – R4 2023. Tá méadú ar líon ar an rolla déanta ag formhór na scoileanna de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2023.<br><br>Reáchtáladh Lá BOO go rathúil a rinneadh earnáil BOO ar bhonn náisiúnta a cheiliúradh. In R3, ceapadh oifigeach nua cumarsáide. |
| Cumarsáid éifeachtach ar fud na scéime chun cur chun feidhme an dea-chleachtais in airgeadas agus i soláthar a chur chun cinn. | Soláthraíodh cláir oiliúna spriocdhírithe in 2023, lena n-áirítear oiliúint spriocdhírithe SUN arna soláthar d'fhoireann riaracháin nua an lárionaid. Rannpháirtíocht leanúnach na Roinne Creidiúnaí de BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le hionaid agus le páirtithe leasmhara chun dea-chleachtas agus comhlíonadh an bheartais soláthair a chinntiú.<br><br>I gcomhréir le R1, reáchtáladh oiliúint sa Cheannoifig i mí Aibreáin/i mí na Bealtaine do 23 ball foirne riaracháin nua a chlúdaigh réimsí baincéireachta, creidiúnaithe agus soláthar a bhaineann le hairgeadas go sainiúil. Chuir AD suíomh Sharepoint nua ar bun chomh maith tar éis ionduchtaithe chun a bheith mar áit inar féidir gach uasdátú faisnéise a fháil.<br><br>Seachadadh seisiún oiliúna a bhain le hairgeadas go sainiúil (Soláthar agus Baincéireacht) do CDYS i mí Mheán Fómhair 2023. Reáchtáladh seisiúin bhuiséid le BOO agus le príomhoidí agus foireann riaracháin Iar-Bhunscoileanna i Ráithe 3.<br><br>Maidir le soláthar, tá cumarsáid ar siúl le hionaid i mbliana maidir le huasdátaithe tairiscintí agus ceanglais fhaisnéise tairiscintí. Tá taifeadadh an tseisiúin eolais i mí an Mheithimh 2022 faoi Bheartas Soláthair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus faoi threoirlínte ar fáil ar líne do bhaill fhoirne nua. Oiliúint maidir le modúl Ceannaigh SUN spriocdhírithe curtha ar fáil do bhaill fhoirne riaracháin nua an lárionaid ach í a iarraidh. |
| Forbairt foirne agus uasoiliúint le Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Sláinte & Sábháilteachta. | Cuireadh Oiliúint Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil ar fáil do gach Príomhoide/Leas-Phríomhoide/Ceann Ionaid.<br><br>Rinneadh measúnú riosca eirgeanamaíoch do gach ball foirne sa Cheannoifig i mí an Mhárta 2023. Rinneadh oiliúint Láimhsithe de Láimh do gach Oibrí Ginearálta i mí Aibreáin 2023. Tá oiliúint ar siúl do chláir oiliúna áirithe 2023 de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2023.<br><br>Cuireadh oiliúint ar Fhoireann i Seirbhísí Corparáideacha maidir le RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), saoráil faisnéise, fioscaireacht, rialachas agus CGI. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cumarsáid laistigh den timpeallacht AD a nuachóiriú. | Bhí pleananna logánta ar siúl ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ina raibh athbhreithniú leanúnach a d'fhéadfadh a bheith ann ar úsáid an Innill Príobháideachta.<br>Taifid d'oiliúint láraithe a chothabháil ar bhonn leanúnach. |
| Foirgnimh agus bonneagar ardchaighdeáin a chur chun cinn do gach ball foirne agus foghlaimeoir. | Mar chuid den scéim um oibreacha samhraidh, athsholáthraíodh fálú teorann Choláiste na Coille Móire.<br>Scéim Cóiríochta Breise – shuiteáil Coláiste Dhúlaigh Svuít Iar-Bhunscoile (IB) do neamhord de chuid speictream an uathachais (NSU). |
| Inbhuanaitheacht agus laghdú ar úsáid fhuinnimh. | Éascaíodh iniúchtaí fuinnimh ÚFIÉ ar fud Ionaid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Rannpháirtíocht i nGrúpa BOOÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>Soláthraíodh oiliúint feasachta fuinnimh ar fud na n-ionad. |
| Comhaontuithe Seirbhíse a chur i bhfeidhm le páirtithe leasmhara seachtracha. | In 2023, sainaithníodh páirtithe leasmhara agus forbraíodh CSanna agus cuireadh chun feidhme iad. |
| Bainistíocht Riosca a Athbhreithniú agus a Fheabhsú. | Tugadh isteach beartas agus nósanna imeachta nua Bainistíochta Riosca in 2023. Forbraíodh Samhail Riosca IPB go sonrach d'earnáil BOO.<br>Soláthraíodh oiliúint leanúnach agus tacaíocht leantach do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Cinn Ionaid.<br>Críochnaíodh cuairteanna láithreáin ar 20 ionad faoi R3. |
| Comhlíonadh prionsabal um chosaint sonraí. | Tá TGP (taifead de na gníomhaíochtaí próiseála) á bhaint amach tríd an inneall príobháideachta. |
| Soláthar seirbhíse earcaíochta ar ardchaighdeán a chinntiú. | Cuireadh próiseas agus nósanna imeachta cuíchóirithe i bhfeidhm in 2023. Rinneadh iarratais a phróiseáil agus sceidealaíodh agallaimh gan mhoill. |
| Aistriú chuig seirbhísí párolla Seirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) (AD). | Tháinig AD/Seirbhísí Comhroinnte Párolla i bhfeidhm do gach ball foirne in 2023. |
| Athbhreithniú ar Phlean Soláthair Corparáideach BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus nuashonrú ar Phlean Soláthair Ilbhliantúil. | Críochnaíodh Plean Soláthair Corparáideach 2023 agus an Plean Soláthair Ilbhliantúil in 2023 agus d'fhormheas an Príomh-Fheidhmeannach iad. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Uasghrádú iomlán an chórais éilimh Pháirtaimseartha ar líne (AD). | Uasghrádú éileamh páirtaimseartha críochnaithe anois do gach ball foirne. |
| Cur leis an gcaidreamh atá ag páirtithe leasmhara faoi láthair. | Lán-rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre BOOÉ le linn 2023 agus as seo amach. |
| Soláthar spriocdhírithe tionscnamh oiliúna a fhorbairt do bhaill fhoirne riaracháin sa cheannoifig agus sna hionaid. | Soláthraíodh oiliúint struchtúrtha in Excel agus Oiliúint Bainistíochta Hibride in 2023. |
| Athbhreithniú leanúnach ar fheidhmiú an chórais nua íocaíochta foghlaimeora d'fhoghlaimeoirí SDOG (an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais) agus Ógtheagmhála (Tonn 2) a cuireadh chun feidhme in 2022 | Cuireadh tús le bliain acadúil 2023/24 i mí Mheán Fómhair 2023 agus tá párolla foghlaimeora ag feidhmiú de réir na pleanála in R2. Chuaigh airgeadas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i dteagmháil le SOLAS maidir le beartas íocaíochta foghlaimeora nua a cuireadh chun feidhme in R4 2023. |
| Athbhreithniú leanúnach ar na Córais Íocaíochta Printísigh agus Foghlaimeora araon. | Tá plé ar siúl le foirne SGCO agus Oibríochtaí P&F (Printíseach & Foghlaimeoir) maidir le sainaitheantas agus réiteach na saincheisteanna. Soláthraíonn an fhoireann Oibríochtaí P&F uasdátuithe go rialta maidir leis an log saincheisteanna d'earnáil BOO. |
| Tionscadal Comhdhlúite Airgeadais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm | D'éirigh le roinn Airgeadais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath mar aon le foireann tionscadail SGCO & díoltóirí córais dul beo le córas nua Ceannach go hÍocaíocht (CGI) & Bainistíochta Airgeadais nuashonraithe SUN V6.4 ón 1 Eanáir 2024. In 2024, beidh pleanáil, oiliúint agus athbhreithniú leanúnach ar phróisis inmheánacha chun na córais a leabú go hiomlán ar fud na heagraíochta iomláine. Leanfaidh foireann Thionscadal Airgeadais Chathair Bhaile Átha Cliath ag tacú le húsáideoirí córais leis an athrú suntasach seo ar ordú agus ar thuairisciú do na coláistí, na hionaid agus na ranna Ceannoifige go léir.<br><br>Áireofar le fo-thionscadail bhreise cur chun feidhme an mhodúil um bainistiú buiséid a chabhróidh le scoileanna, coláistí agus ionaid le pleanáil airgeadais i bhfíor-am. |
| Rialachas éifeachtach agus éifeachtúil ar fud BOO. | Baineadh gach sprioc thábhachtach amach. Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i lán-chomhlíonadh an chóid. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
| --- | --- |
| Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm. | Tar éis chríochnú agus fhoilsiú an bhirt de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine in 2022, cuireadh tús le pleanáil do chur chun feidhme in 2023. Tá gníomhú ar fud na heagraíochta le tosú in 2024. |
| Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú. | Tá feasacht agus eolas méadaithe ar chosaint sonraí. Críochnaíodh próiseas mapála sonraí.<br>Tugadh isteach an t-inneall príobháideachta chun TGP a chur i gcrích don scéim. |
| Bainistíocht Taifead Feabhsaithe. Inrochtaineacht agus stóráil comhad fisiciúil a fheabhsú. | Oiliúint leanúnach ar chóras Inneall Príobháideachta.<br>Cuireadh córas bainistíochta taifead innill Príobháideachta chun feidhme in 2023. |
| Timpeallacht TF ardchaighdeáin agus úrscothach a sholáthar. | Uasdátaíodh na gréasáin in Ionaid Oiliúna Bhaile Formaid agus Fhionnghlaise in 2023.<br>Oibríodh lenár gconraitheoir agus lenár seirbhísí comhroinnte chun aistriú réidh chuig an gcóras nua párolla a chinntiú. Uasdátaíodh ballaí dóiteáin na Ceannoifige chomh maith in 2023. |

City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag
an Aontas Eorpach

Co-Funded by
the European Union

SOLAS
oibrionn an fhoghlaim

etbi
Education and Training Boards Ireland
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann